# Iris Oifigiúil
## an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

17 Márta 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/457 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a mhéid a bhaineann le maolú ó oibleagáid na mórdhíoltóirí i dtaobh aitheantóirí uathúla na dtáirgí arna n-onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú** ([1]) ........ 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/458 ón gCoimisiún an 10 Márta 2021 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin "Πατάτα Νάξου" (Patata Naxou) (TGFC)** ........ 3

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/459 ón gCoimisiún an 16 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 maidir le coinníollacha formheasa na substainte gníomhaí feinpiorasaimín** ([1]) ........ 4

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/460 ón gCoimisiún an 16 Márta 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 maidir le hiontráil na hÚcráine ar an liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus na hearraí sin a bheith faoi bhealach tríd i ndáil le fliú ardphataigineach na n-éan** ([1]) ........ 7

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/461 ón gCoimisiún an 16 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 a mhéid a bhaineann leis an dáta le hiarrataí a fháil ar údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint chun críche coibhéise faoi na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle** ([1]) ........ 14


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.


GA

* Faoin tagairt L 91 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/457 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 Eanáir 2021**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a mhéid a bhaineann le maolú ó oibleagáid na mórdhíoltóirí i dtaobh aitheantóirí uathúla na dtáirgí arna n-onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ([1]), agus go háirithe Airteagal 54a(2)(d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear in Airteagal 54a(1) de Threoir 2001/83/CE go mbeidh gnéithe sábháilteachta ag táirgí íocshláinte a bheidh faoi réir oidis.

(2) De bhun Airteagal 22(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 ón gCoimisiún ([2]), tá an mórdhíoltóir le haitheantóir uathúil táirgí íocshláinte a bhfuil sé beartaithe aige iad a dháileadh lasmuigh den Aontas a dhíchoimisiúnú.

(3) An 1 Feabhra 2020, tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach. De bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"), is infheidhme dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn idirthréimhse a dtiocfaidh deireadh léi an 31 Nollaig 2020 ("idirthréimhse").

(4) I gcomhréir le hAirteagal 185 den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, tá feidhm ag reachtaíocht an Aontais i dTuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

(5) Mura mbeadh maolú ó na rialacha is infheidhme déanta, bheadh d'éifeacht ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas ar an gcaoi sin gur ghá na haitheantóirí uathúla a dhíchoimisiúnú le haghaidh táirgí íocshláinte atá ceaptha le dáileadh sa Ríocht Aontaithe.

(6) Déantar roinnt táirgí íocshláinte a sholáthar don Chipir, d'Éirinn, do Mhálta nó do Thuaisceart Éireann tríd an mBreatain Mhór. Tar éis dheireadh na hidirthréimhse, i gcomhréir le hAirteagal 54a(1) de Threoir 2001/83/CE, is faoi allmhaireoirí a bhfuil údarú monaraíochta acu sna réimsí sin a bheadh sé aitheantóir uathúil nua a ghreamú de na táirgí íocshláinte nuair a chuirfí ar an margadh iad. Níl aon allmhaireoir a bhfuil údarú monaraíochta aige ann

([1]) IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforlíontar Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na gnéithe sábháilteachta atá ar phacáistiú táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 32, 9.2.2016, lch. 1).

faoi láthair sa Chipir, in Éirinn, i Málta ná i dTuaisceart Éireann áfach agus dá bhrí sin, níl aon allmhaireoir sna limistéir sin a d'fhéadfadh an oibleagáid sin a chomhlíonadh ón 1 Eanáir 2021. Chun soláthairtí a áirithiú i gcomhréir leis an oibleagáid i dtaobh aitheantóir uathúil nua a ghreamú, is gá na slabhraí soláthair a athdhearadh.

(7) Chun a áirithiú go ndéanfar táirgí íocshláinte a mhargú agus aitheantóir uathúil acu sna margaí beaga atá i dtuilleamaí na Ríochta Aontaithe faoi láthair le haghaidh a gcuid soláthairtí táirgí íocshláinte, is gá dá bhrí sin maolú sealadach a dheonú do mhórdhíoltóirí ón oibleagáid i dtaobh aitheantóir uathúil na dtáirgí a bhfuil sé beartaithe acu iad a dháileadh sa Ríocht Aontaithe a dhíchoimisiúnú mar go bhféadfar na táirgí sin a athonnmhairiú chuig an Aontas. Níor cheart go gcuirfeadh an maolú sin isteach ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar i gcomhar le hIarscríbhinn 2 den Phrótacal sin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161 a leasú dá réir sin.

(9) Ag féachaint don deireadh atá ar tí teacht leis an idirthréimhse, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm mar ábhar práinne. Ós rud é go dtiocfaidh deireadh le hidirthréimhse an chomhaontaithe um tharraingt siar an 31 Nollaig 2020, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/161, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"De mhaolú ar phointe (a), ón 1 Eanáir 2021 go dtí 31 Nollaig 2021, ní bhainfidh an oibleagáid i dtaobh aitheantóir uathúil na dtáirgí íocshláinte atá beartaithe ag an mórdhíoltóir a dháileadh lasmuigh den Aontas Eorpach le táirgí a bhfuil sé beartaithe aige iad a dháileadh sa Ríocht Aontaithe (*).

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Airteagail seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Eanáir 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/458 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10 Márta 2021**

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin "Πατάτα Νάξου" (Patata Naxou) (TGFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhua na chéad fhomhíre d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Gréige ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint "Πατάτα Νάξου" (Patata Naxou), atá cláraithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme ( AE) Uimh. 1250/2011 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin ([3]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ós rud é nár tugadh aon fhógra faoi ráiteas freasúra don Choimisiún, ní mór an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Πατάτα Νάξου" (Patata Naxou) (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1250/2011 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2011 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (Πατάτα Νάξου (Patata Naxou) (TGFC)) (IO L 319, 2.12.2011, lch. 41).

([3]) IO C 383, 13.11.2020, lch. 12.

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/459 ÓN gCOIMISIÚN

## an 16 Márta 2021

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 maidir le coinníollacha formheasa na substainte gníomhaí feinpiorasaimín

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe an dara rogha d'Airteagail 21(3) agus 78(2) de

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 595/2012 ([2]) rinneadh feinpiorasaimín a fhormheas mar shubstaint ghníomhach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 faoi réir coinníollacha áirithe, ina gceanglaítear ar an mBallstát scrúdúcháin go háirithe, an Coimisiún a chur ar an eolas, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le sonraíocht an ábhair theicniúil mar ábhar a mhonaraítear ar bhonn tráchtála.

(2) I mí na Nollag 2013, chuir an t-iarratasóir isteach sainchomhad nuashonraithe lena mbeartaítear an fhaisnéis faoi shonraíocht an ábhair theicniúil a mhonaraítear ar bhonn tráchtála a sholáthar don Ostair, an Ballstát is rapóirtéir laistigh den tréimhse iarratais. Rinne an Ballstát is rapóirtéir meastóireacht ar an sainchomhad nuashonraithe i bhfoirm Aguisín a ghabhann leis an Dréacht-Tuarascáil.

(3) An 23 Aibreán 2014, rinne an Ostair an t-aguisín a leithdháileadh ar na Ballstáit, ar an iarratasóir agus ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") chun barúlacha a fháil uathu, agus rinneadh iad a chomhthiomsú leis na barúlacha uile i bhformáid tábla tuairiscithe, a cuireadh faoi bhráid an Údaráis an 7 Iúil 2014. Sa tábla tuairiscithe, thug an tÚdarás a thuairimí eolaíocha faoi phointí sonracha a ardaíodh le linn na céime tráchta.

(4) An 13 Lúnasa 2014, d'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil theicniúil ([3]) ina bhfuil achoimre ar thoradh an phróisis comhairliúcháin sin i dtaca le feinpiorasaimín.

(5) Rinne na Ballstáit agus an Coimisiún athbhreithniú ar an dréacht-tuarascáil mheasúnaithe, ar an aguisín agus ar an tuarascáil theicniúil laistigh den Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha agus cuireadh bailchríoch orthu an 18 Bealtaine 2020 i bhformáid tuarascáil athbhreithniúcháin ón gCoimisiún, maidir le feinpiorasaimín.

(6) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an tuarascáil athbhreithniúcháin ón gCoimisiún maidir le feinpiorasaimín.

(7) Ina thuarascáil athbhreithniúcháin, mheas an Coimisiún gur gá an tsonraíocht theicniúil a moladh san fhormheas ar fheinpiorasaimín a athrú ó tháirgeadh píolótach go táirgeadh tráchtála. Sainaithníodh an t-eisíontas hiodraisín, ar ábhar tosaigh é, mar eisíontas ábhartha, le linn an mheasúnaithe, ós rud é gur aimsíodh é sna baisceanna plandaí píolótacha ar a ndearnadh athmheasúnú agus sna baisceanna plandaí ó na láithreáin tráchtála. Ag cur san áireamh go bhfuil an t-eisíontas ábhartha hiodraisín ina chúis imní ó thaobh na tocsaineolaíochta de, chinn an Coimisiún nár chóir go rachadh uasmhéid an eisíontais sin san ábhar teicniúil thar 0,0001 % (1 mg/kg).

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 595/2012 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2012 lena ndéantar feinpiorasaimín a fhormheas, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 176, 6.7.2012, lch. 46).

([3]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2015. Toradh an chomhairliúcháin leis na Ballstáit, leis an iarratasóir agus le EFSA maidir leis an measúnú riosca ar shonraí deimhniúcháin le haghaidh lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach feinpiorasaimín. Foilseachán tacaíochta EFSA 2014:EN-630.

(8) Chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí, is iomchuí dá bhrí sin, uasleibhéal a bhunú don eisíontas sin sa tsubstaint ghníomhach a mhonaraítear ar bhonn tráchtála.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ([4]) a leasú dá réir.

(10) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit chun údaruithe a leasú nó a tharraingt siar maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil feinpiorasaimín údaraithe, agus nach gcomhlíonann sonraíocht an ábhair theicniúil a mhonaraítear ar bhonn tráchtála ná na coinníollacha srianta formheasa.

(11) Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil feinpiorasaimín, agus i gcás ina gceadóidh na Ballstáit aon tréimhse chairde i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an tréimhse sin dul in éag, ar a dhéanaí, 15 mhí tar éis don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Bearta idirthréimhseacha**

I gcás inar gá, déanfaidh na Ballstáit na húdaruithe atá ann cheana a leasú nó a tharraingt siar le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil feinpiorasaimín ina shubstaint ghníomhach faoin 6 Iúil 2021 ar a dhéanaí.

*Airteagal 3*

**Tréimhse chairde**

Beidh aon tréimhse chairde a dheonóidh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 chomh gearr agus is féidir agus rachaidh an tréimhse sin in éag faoin 6 Iúil 2022 ar a dhéanaí.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin "Íonacht" i ró 25, feinpiorasaimín, de Chuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011:

"≥ 960 g/kg

Is cúis imní ó thaobh na tocsaineolaíochta de an t-eisíontas monaraíochta seo a leanas agus níor cheart dó dul thar an méid seo a leanas san ábhar teicniúil ann:

Hiodraisín: cion uasta: < 0,0001 % (1 mg/kg)"

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin "Forálacha Sonracha" i ró 25, feinpiorasaimín, de Chuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011:

"CUID B

Chun na prionsabail aonfhoirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur chun feidhme, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athbhreithnithe ar fheinpiorasaimín, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II de, mar a tugadh chun críche é sa Bhuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe an 1 Meitheamh 2012, agus sa Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 18 Bealtaine 2020. Tá an íonacht a thugtar san iontráil seo bunaithe ar tháirgeadh plandaí ar láithreán tráchtála."

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/460 ÓN gCOIMISIÚN

## an 16 Márta 2021

## lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 maidir le hiontráil na hÚcráine ar an liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus na hearraí sin a bheith faoi bhealach tríd i ndáil le fliú ardphataigineach na n-éan

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/99/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 lena leagtar síos na rialacha maidir le sláinte ainmhithe lena rialaítear táirgeadh, próiseáil, dáileadh agus tabhairt isteach táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine ([1]), agus go háirithe an frása réamhráiteach d'Airteagal 8, an chéad fhomhír de mhír 1 d'Airteagal 8, mír 4 d'Airteagal 8 agus Airteagal 9(4) de,

Ag féachaint do Threoir 2009/158/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil in éanlaith chlóis agus uibheacha goir laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh as tríú tíortha ([2]), agus go háirithe Airteagail 23(1), 24(2) agus 25(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos ceanglais deimhniúcháin tréidliachta maidir le héanlaith chlóis agus táirgí éineola ("na tráchtearraí") a allmhairiú isteach san Aontas agus a bheith faoi bhealach tríd, lena n-áirítear a stóráil le linn an idirthurais. Is éard a fhoráiltear leis nach ndéanfar na tráchtearraí a allmhairiú isteach san Aontas agus iad a bheith faoi bhealach tríd ach amháin ó na tríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga a liostaítear i gcolúin 1 agus 3 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008, leagtar síos na coinníollacha freisin maidir le tríú tír, críoch, crios nó deighleog a mheastar a bheith saor ó fhliú ardphataigineach na n-éan (HPAI).

(3) Liostaítear an Úcráin sa tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 mar thríú tír óna n-údaraítear tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus na hearraí sin a bheith faoi bhealach tríd ó chodanna áirithe dá críoch, de réir mar atá HPAI ann nó mura bhfuil. Is i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a leagadh an réigiúnú sin amach, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/352 ([4]), ó deimhníodh ráig HPAI den fhochineál H5N8 an 19 Eanáir 2020.

(4) Ó tharla ráig HPAI, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag an Úcráin chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Chomh maith leis sin, thug an Úcráin chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar an ngabháltas éanlaithe clóis inar deimhníodh ráig HPAI i mí Eanáir 2020. Tá faisnéis nuashonraithe curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Úcráin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch féin agus na bearta atá glactha aici chun leathadh HPAI a chosc, bearta a ndearna an Coimisiún meastóireacht orthu,.

(5) Ar bhonn na meastóireachta sin, is é conclúid ar thángthas air go bhfuil an ráig sin faoi smacht agus nach bhfuil aon riosca ann go dtabharfaí tráchtearraí éanlaithe clóis isteach san Aontas ó na limistéir sin san Úcráin a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ónar cuireadh allmhairí ar fionraí leis an Rialachán sin, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/352.

([1]) IO L 18, 23.1.2003, lch. 11.

([2]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2008 lena leagtar síos liosta de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfar éanlaith chlóis agus táirgí éineola a allmhairiú isteach sa Chomhphobal agus na táirgí sin a bheith faoi bhealach tríd mar aon leis na ceanglais deimhniúcháin tréidliachta (IO L 226, 23.8.2008, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/352 ón gCoimisiún an 3 Márta 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 maidir le hiontráil na hÚcráine ar na liostaí de thríú tíortha, críocha, criosanna nó deighleoga óna bhféadfar tráchtearraí áirithe éanlaithe clóis a allmhairiú isteach san Aontas agus na hearraí sin a bheith faoi bhealach tríd i ndáil le fliú ardphataigineach na n-éan (IO L 65, 4.3.2020, lch. 4).

(6) An 4 Nollaig 2020, áfach, dheimhnigh an Úcráin go raibh HPAI d’fhochineál H5 i ngabháltas éanlaithe clóis ar a críoch féin. Mar gheall ar ráig HPAI atá deimhnithe, ní féidir a mheas go bhfuil críoch na hÚcráine ina hiomláine saor a thuilleadh ón ngalar sin agus dá bhrí sin, ní féidir le húdaráis tréidliachta na hÚcráine coinsíneachtaí tráchtearraí éanlaithe a dheimhniú a thuilleadh le hallmhairiú isteach san Aontas, nó a bheith faoi bhealach tríd, ó na limistéir atá buailte leis an ráig sin. Ó tharla an ráig sin, dheimhnigh an Úcráin tuilleadh ráigeanna HPAI d’fhochineál H5 i ngabháltas éanlaithe clóis ar a críoch féin.

(7) Ó tharla an ráig i mí na Nollag 2020, is éard atá dearbhaithe ag údaráis tréidliachta na hÚcráine, na deimhnithe le haghaidh coinsíneachtaí tráchtearraí ar beartaíodh a n-allmhairiú isteach san Aontas, sin nó iad a bheith faoi bhealach tríd, is deimhnithe iad a chuir na húdaráis sin ar fionraí, agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun HPAI a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(8) Ina theannta sin, chuir an Úcráin faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch féin, agus léirigh sí na limistéir a cuireadh faoi shrianta, chomh maith leis na bearta atá déanta aici chun cosc a chur ar leathadh HPAI lasmuigh de na limistéir sin atá faoi shrianta. Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis sin anois, agus ar bhonn na meastóireachta sin, agus ar bhonn na ráthaíochtaí a thug an Úcráin, is é an chonclúid ba cheart a bheith ann gur leor srianta ar choinsíneachtaí tráchtearraí éanlaithe clóis a thabhairt isteach san Aontas a chur i bhfeidhm sna limistéir atá buailte le HPAI amháin, limistéir atá curtha faoi shrianta ag údaráis tréidliachta na hÚcráine mar gheall ar na ráigeanna atá ann faoi láthair, chun na rioscaí a bhaineann le tabhairt isteach na dtráchtearraí sin san Aontas a chumhdach.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart iontráil na hÚcráine sa tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá sa tríú tír sin faoi láthair a chur san áireamh.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 a leasú dá réir sin.

(11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cuid 1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 798/2008, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil na hÚcráine:

| Cód ISO agus ainm an tríú tír nó na críche | Cód an tríú tír, na críche, an chreasa nó na deighleoige | Tuairisc ar an tríú tír, ar an gcríoch, an crios nó an deighleog | Deimhniú tréidliachta | | Coinníollacha sonracha | Coinníollacha sonracha | | Stádas faireachais ar fhliú na n-éan | Stádas vacsaínithe fliú na n-éan | Stádas rialaithe Salmonella |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Samhail/ Samhlacha | Ráthaíochtaí breise | | Dáta deiridh | Dáta oscailte | | | |
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 6A | 6B | 7 | 8 | 9 |
| "UA– an Úcráin | UA-0 | An tír ina hiomláine | EP, E | | | | | | | |
| | UA-1 | Tír iomlán na hÚcráine, cé is moite de limistéar UA-2 | WGM | | | | | | | |
| | | | POU, RAT | | | | | | | |
| | UA-2 | Limistéar na hÚcráine a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas: | | | | | | | | |
| | UA-2.1 | Kherson Oblast (réigiún) | WGM | | P2 | 30.11.2016 | 7.3.2020 | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 30.11.2016 | 7.3.2020 | | | |
| | UA-2.2 | Odessa Oblast (réigiún) | WGM | | P2 | 4.1.2017 | 7.3.2020 | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 4.1.2017 | 7.3.2020 | | | |
| | UA-2.3 | Chernivtsi Oblast (réigiún) | WGM | | P2 | 4.1.2017 | 7.3.2020 | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 4.1.2017 | 7.3.2020 | | | |
| | UA-2.4 | Vinnytsia Oblast (réigiún), Nemyriv Raion (ceantar), bardais: | WGM | | P2 | 19.1.2020 | 20.3.2021 | | | |
| | | Sráidbhaile Berezivka<br>Sráidbhaile Bratslav<br>Sráidbhaile Budky<br>Sráidbhaile Bugakiv<br>Sráidbhaile Chervone<br>Sráidbhaile Chukiv<br>Sráidbhaile Danylky<br>Sráidbhaile Dovzhok<br>Sráidbhaile Horodnytsia<br>Sráidbhaile Hrabovets | POU, RAT | | P2 | 19.1.2020 | 20.3.2021" | | | |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 6A | 6B | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Sráidbhaile Hranitne<br>Sráidbhaile Karolina<br>Sráidbhaile Korovayna<br>Sráidbhaile Korzhiv<br>Sráidbhaile Korzhivka<br>Sráidbhaile Kryklivtsi<br>Sráidbhaile Maryanivka<br>Sráidbhaile Melnykivtsi<br>Sráidbhaile Monastyrok<br>Sráidbhaile Monastyrske<br>Cathair Nemyriv<br>Sráidbhaile Novi Obyhody<br>Sráidbhaile Ostapkivtsi<br>Sráidbhaile Ozero<br>Sráidbhaile Perepelychcha<br>Sráidbhaile Rachky<br>Sráidbhaile Salyntsi<br>Sráidbhaile Samchyntsi<br>Sráidbhaile Sazhky<br>Sráidbhaile Selevintsi<br>Sráidbhaile Sholudky<br>Sráidbhaile Slobidka<br>Sráidbhaile Sorokoduby<br>Sráidbhaile Sorokotiazhyntsi<br>Sráidbhaile Velyka Bushynka<br>Sráidbhaile Vovchok<br>Sráidbhaile Vyhnanka<br>Sráidbhaile Yosypenky<br>Sráidbhaile Zarudyntsi<br>Sráidbhaile Zelenianka | | | | | | | | |
| | UA-2.5 | Mykolaiv Oblast (réigiún)<br>Kherson Oblast (réigiún), Khersonskyi (Bilozerskyi) Raion (ceantar), bardais:<br>Sráidbhaile Tavriyske<br>Sráidbhaile Nova zoria | WGM | | P2 | 4.12.2020 | | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 4.12.2020 | | | | |
| | UA-2.6 | Kyiv Oblast (réigiún):<br>Ivankiv Raion (ceantar),<br>bardais:<br>Sráidbhaile Leonivka<br>Sráidbhaile Blidcha<br>Sráidbhaile Kolentsi | WGM | | P2 | 24.12.2020 | | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 24.12.2020 | | | | |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 6A | 6B | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Sráidbhaile Zymovyshche<br>Sráidbhaile Rudnia-Talska<br>Sráidbhaile Sosnivka<br>Borodianka Raion (ceantar), bardais:<br>Sráidbhaile Koblytsia<br>Sráidbhaile Talske<br>Sráidbhaile Myrcha<br>Sráidbhaile Stara Buda,<br>Sráidbhaile Velykyi Lis<br>Sráidbhaile Krasnyi Rih<br>Sráidbhaile beag Mykhailivskyi | | | | | | | | |
| | UA-2.7 | Kyiv Oblast (réigiún):<br>Borodianka Raion (ceantar), bardais:<br>Baile Borodianka<br>Sráidbhaile Kachaly<br>Sráidbhaile Shybene<br>Sráidbhaile Nebrat<br>Sráidbhaile Nove Zalissia<br>Sráidbhaile Berestianka<br>Sráidbhaile Zdvyzhivka<br>Sráidbhaile Babyntsi<br>Sráidbhaile Buda-Babynetska<br>Baile Klavdiyevo-Tarasove<br>Sráidbhaile Poroskoten<br>Sráidbhaile Pylypovychi<br>Sráidbhaile Nova Hreblia<br>Sráidbhaile Vablia<br>Sráidbhaile Druzhnia<br>Sráidbhaile Halynka<br>Sráidbhaile Zahaltsi<br>Sráidbhaile Mykhailivskyi (Mykhailenkiv)<br>eastát tuaithe 'Blyzhni sady'<br>Buchanskyi Raion (ceantar), bardais: Baile Nemishayeve<br>Sráidbhaile Mykulychi<br>Sráidbhaile Dibrova<br>Sráidbhaile Kozyntsi<br>Sráidbhaile Chervona hilka<br>Sráidbhaile Plakhtianka | WGM | | P2 | 27.12.2020 | | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 27.12.2020 | | | | |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 6A | 6B | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Sráidbhaile Myrotske<br>cuid de bhaile Vorzel atá srianta ag sráideanna Bilostotskykh agus Pushkina | | | | | | | | |
| | UA-2.8 | Kherson Oblast (réigiún):<br>Kakhovskyi Raion (ceantar), bardais:<br>Sráidbhaile Zaozerne<br>Sráidbhaile Skvortsivka<br>Sráidbhaile Maryanivka<br>Sráidbhaile Slynenko<br>Sráidbhaile Olhivka<br>Novotroyitskyi Raion (ceantar), bardais:<br>Sráidbhaile Volodymyro-Ilyinka<br>Sráidbhaile Sofiivka<br>Sráidbhaile Katerynivka | WGM | | P2 | 29.12.2020 | | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 29.12.2020 | | | | |
| | UA-2.9 | Kyiv Oblast (réigiún), cathair Chív:<br>An limistéar atá laistigh de chiorcal dar ga 10 km agus a bhfuil a lárphointe suite i sráidbhaile Hostomel in Buchanskyi Raion, agus a shíneann roimhe deiseal:<br>(a) Thuaidh, Thiar Thuaidh, Thiar, Thiar Theas: Réigiún Chív (oblast), Buchanskyi Raion (ceantar), bardais: Sráidbhaile Moshchun, baile Hostomel, baile Kotsiubynske, cathair Irpin, cathair Bucha, sráidbhaile Horenka.<br>(b) Thoir Thuaidh, Thoir, Thoir Theas, Theas: Teorainn Réigiún Chív (oblast) le Obolonskyi, Podilskyi, Shevchenkivskyi Raions (ceantracha) de chathair Chív ón áit a dtrasnaíonn Sráid Polarna, Sráid Avtozavodska, Sráid Semena Skliarenko a chéile go dtí an áit a dtrasnaíonn Sráid Oleny Telihy, Sráid Oleksandra Dovzhenko a chéile go dtí Ascaill Peremohy | WGM | | P2 | 18.1.2021 | | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 18.1.2021 | | | | |
| | UA-2.10 | Donetsk Oblast (réigiún):<br>Ceantar Volnovaskyi (ex Velykonovosilkivskyi), bardais:<br>Sráidbhaile Vesele | WGM | | P2 | 3.2.2021 | | | | |
| | | | POU, RAT | | P2 | 3.2.2021 | | | | |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 6A | 6B | 7 | 8 | 9 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Sráidbhaile Fedorivka<br>Sráidbhaile Skudne<br>Sráidbhaile Dniproenerhiia<br>Baile Velyka Novosilka<br>Sráidbhaile Rozdolne<br>Sráidbhaile Novyi Komar<br>Sráidbhaile Perebudova<br>Sráidbhaile Novoocheretuvate<br>Sráidbhaile Myrne<br>Sráidbhaile Ordadne<br>Sráidbhaile Komar<br>Sráidbhaile Vremivka<br>Sráidbhaile Voskresenka<br>Sráidbhaile Vilne Pole<br>Sráidbhaile Shevchenko<br>Sráidbhaile Burlatske<br>Sráidbhaile Pryvilne<br>Dnipropetrovsk Oblast (réigiún):<br>Ceantar Prokrovskyi, bardais:<br>Sráidbhaile Maliivka | | | | | | | | |

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/461 ÓN gCOIMISIÚN

**an 16 Márta 2021**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 a mhéid a bhaineann leis an dáta le hiarrataí a fháil ar údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithint chun críche coibhéise faoi na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 ([1]), agus go háirithe Airteagal 33(3) agus Airteagal 38(d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leagtar síos go gcuirfear scéim i dtaobh údarás rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithníonn an Coimisiún ar mhaithe le táirgí comhlíontacha a allmhairiú in ionad na scéime i dtaobh údarás rialaithe agus comhlachtaí rialaithe a aithníonn an Coimisiún ar bhonn Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí a bhfuil ráthaíochtaí coibhéiseacha ag baint leo a allmhairiú.

(2) De dheasca ráig phaindéim COVID-19 agus na géarchéime sláinte poiblí a bhaineann léi, cuireadh siar ar feadh aon bhliana amháin, le Rialachán (AE) 2020/1693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/848 agus dátaí áirithe eile dá dtagraítear sa Rialachán sin. Mar thoradh air sin, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/848 ón 1 Eanáir 2022.

(3) D'fhonn a áirithiú go raibh na hacmhainní riaracháin is gá ar fáil chun foráil a dhéanamh maidir le haitheantas pras a thabhairt ar na húdaráis rialaithe agus ar na comhlachtaí rialaithe faoin scéim nua, rinneadh Airteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún ([4]) a leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/25 ón gCoimisiún ([5]) chun dáta deiridh a leagan síos maidir le hiarrataí nua a fháil ar aitheantas a thabhairt d'údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe chun críche coibhéise faoin tsean-scéim. Is é an 30 Meitheamh 2020 an dáta deiridh sin.

(4) Is gá, dá bhrí sin, Airteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 a leasú arís chun an dáta maidir le hiarrataí nua a fháil ar aitheantas a thabhairt d'údaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe chun críche coibhéise faoin tsean-scéim allmhairithe a ailíniú leis an dáta maidir le bunú an chórais nua allmhairithe i Rialachán (AE) 2018/848.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 a leasú dá réir sin.

---

([1]) IO L 189, 20.7.2007, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2020/1693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 a mhéid a bhaineann le dáta a chur i bhfeidhm agus dátaí áirithe eile dá dtagraítear sa Rialachán sin (IO L 381, 13.11.2020, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 334, 12.12.2008, lch. 25).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/25 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha (IO L 8, 14.1.2020, lch. 18).

(6) Chun deis a thabhairt do na húdaráis rialaithe agus do na comhlachtaí rialaithe lena mbaineann tairbhiú go hiomlán den tréimhse ama atá fágtha go dtí an 30 Meitheamh 2021 tar éis athghníomhachtú na huirlise ábhartha TF, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um tháirgeadh orgánach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008, cuirtear an dáta "30 Meitheamh 2021" in ionad "30 Meitheamh 2020".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA